**Parlaimint na hEorpa**
2024-2029

*An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta*

**2024/2829(RSP)**

21.10.2024

# DRÉACHT-TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis an ráiteas ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 136(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le gnéithe sóisialta agus fostaíochta de phróisis athstruchtúraithe: an gá atá le poist agus cearta oibrithe a chosaint
(2024/2829(RSP))

**Estelle Ceulemans**
thar ceann an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

**B10-0000/2024**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le gnéithe sóisialta agus fostaíochta de phróisis athstruchtúraithe: an gá atá le poist agus cearta oibrithe a chosaint (2024/2829(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 151 agus 153 de,

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,

– ag féachaint dá rún an 5 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis an ngá atá le beartas Eorpach um ationsclú i bhfianaise chásanna Caterpillar agus Alstom le déanaí[1],

– ag féachaint do rún uaithi an 15 Eanáir 2013 ina bhfuil moltaí don Choimisiún maidir le faisnéis agus comhairliúchán na n-oibrithe, réamhaíocht agus bainistiú ar athstruchtúrú[2],

– ag féachaint do rún uaithi an 16 Nollaig 2021 maidir leis an daonlathas ag an obair: creat Eorpach do chearta rannpháirtíochta na bhfostaithe agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir leis an gComhairle Oibreacha Eorpacha[3],

– ag féachaint do Riail 136(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tairiscint i gcomhair rún ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

A. de bhrí go bhfuil cómhargáil agus rannpháirtíocht láidir na gceardchumann bunriachtanach chun a áirithiú go gcloisfear guthanna na n-oibrithe le linn na gcaibidlíochtaí athstruchtúraithe; de bhrí go bhfuil rannpháirtíocht n-oibrithe trí fhaisnéis, comhairliúchán agus rannpháirtíocht i bpróisis chinnteoireachta cuideachtaí níos tábhachtaí ná riamh chun aistriú cothrom agus cóir cuideachtaí a chomhdhlúthú agus chun poist agus comhleasanna a chosaint; de bhrí go mbaineann an t-aistriú cóir le tacú leis an gceartas sóisialta agus comhroinnt chothrom ualaigh a áirithiú agus an t-athrú aeráide á chomhrac ag an am céanna;

B. de bhrí nach dtuairiscíonn ach 40 % de cheardchumainn na hEorpa go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu chun ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh ar oibrithe le linn próisis athstruchtúraithe[4]; de bhrí go bhfuil ionadaithe ceardchumainn atá oilte san idirbheartaíocht maidir le hathstruchtúrú 50 % níos éifeachtaí chun poist a chaomhnú[5];

C. de bhrí gur cheart coinneáil poist a bheith ina phríomhchuspóir de phróisis

---

[1] IO C 215, 19.6.2018, lch. 21.
[2] IO C 440, 30.12.2015, lch. 23.
[3] IO C 251, 30.6.2022, lch. 104.
[4] Institiúid Eorpach na gCeardchumann um Thaighde, 2021.
[5] An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, 2022.

athstruchtúraithe;

D. de bhrí gur minic a thugann cuideachtaí tús áite do bhrabúis ghearrthéarmacha thar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus cobhsaíocht fhadtéarmach fostaíochta, rud a chuireann i dtábhacht an gá le freagracht shóisialta chorparáideach i bpleananna athstruchtúraithe;

E. de bhrí gur colún eacnamaíoch ríthábhachtach san Eoraip é tionscal na ngluaisteán;

F. de bhrí gur den ríthábhacht é an t-aistriú ó innill dócháin inmheánaigh go feithiclí leictreacha, ach nach mór é a bhaint amach ar bhealach ina ndéanfar caillteanas post sa mhonaraíocht traidisiúnta mótarfheithiclí a sheachaint;

1. á thabhairt chun suntais gur cearta bunúsacha iad slándáil fostaíochta, pá cothrom agus dálaí oibre cuibhiúla nach mór seasamh leo i ngach próiseas athstruchtúraithe chun oibrithe a chosaint ar straitéisí corparáideacha maidir le brabús a lorg; á chur i bhfáth go bhfuil géarghá le beartas tionsclaíoch uaillmhianach Eorpach ina mbeidh infheistíocht shuntasach lena dtacófar le hearraí coiteanna agus leis an nuálaíocht agus lena soláthrófar poist ardcháilíochta agus dul chun cinn sóisialta; á chur i bhfios go láidir gur cheart go mbeadh an beartas sin bunaithe ar sheirbhísí poiblí láidre, ar chosaint shóisialta, ar thithíocht, ar iompar agus ar chúram leanaí; ag tacú le beartas tionsclaíoch Eorpach láidir atá bunaithe ar sheirbhísí poiblí agus ar riarachán poiblí atá athléimneach agus a bhfuil acmhainní maithe acu, lena gcumhdaítear ní hamháin monaraíocht, ach gach earnáil agus gach aistriú;

2. á iarraidh an athuair go mbeadh uirlis bhuan infheistíochta ann ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní is gá ar fáil i ngach earnáil chun beartas tionsclaíoch a fhorbairt agus le haghaidh beartais a chuidíonn leis na spriocanna sóisialta agus glasa a bhaint amach, bunaithe ar thaithí dhearfach NextGenerationEU agus ar an mbéim láidir saothair a bhí ag an tacaíocht chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú in ionstraim éigeandála (SURE);

3. á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta chun beartas tionsclaíoch Eorpach do phoist ardcháilíochta a chur i gcrích agus gur gá é a chur chun feidhme trí idirphlé sóisialta agus cómhargáil; á iarraidh ar an gCoimisiún go n-áireodh sé an cuspóir foriomlán maidir le cáilíocht na hoibre a ardú ar leibhéal AE;

4. á iarraidh ar an Aontas beartais trádála a ghlacadh lena gcosnaítear poist Eorpacha agus trádáil chóir eiticiúil á cur chun cinn ag an am céanna; á iarraidh go gcuirfí taraifí frithchúitimh i bhfeidhm ar allmhairí ó thíortha ina ndéanann cleachtais éagóracha saothair, caighdeáin ísle chomhshaoil, nó fóirdheontais throma stáit an iomaíocht a shaobhadh; á chur i bhfáth nach mór clásail láidre saothair a áireamh i gcomhaontuithe trádála amach anseo chun a áirithiú go rachaidh trádáil dhomhanda chun tairbhe d'oibrithe, seachas an bonn a bhaint dá gcearta;

5. ag tathant ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir Eorpach maidir le Soláthar Poiblí[6] chun cóir fhabhrach a bhunú do chuideachtaí a chomhlíonann

[6] Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí

comhaontuithe cómhargála; á iarraidh ar an gCoimisiún an clásal sóisialta a neartú agus cuideachtaí a bhí i mbun na ngníomhaíochtaí coiriúla nó a chuir ceardchumainn ó mhaith nó a dhiúltaigh páirt a ghlacadh sa chómhargáil a eisiamh ó thairiscintí; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá sé a áirithiú go n-úsáidfear airgead poiblí chun infheistíocht a dhéanamh iontu siúd atá tiomanta d'aistrithe córa chun gur féidir comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn agus dlús na gceardchumann a mhéadú; á mheas, thairis sin, gur cheart tacaíocht airgeadais uile an Aontais do ghnóthais a chur faoi réir na gcoinníollacha oibre agus fostaíochta is infheidhme a bheith á gcomhlíonadh acu agus/nó oibleagáidí an fhostóra faoi na comhaontuithe comhchoiteanna ábhartha a bheith á gcomhlíonadh acu; á chreidiúint gur cheart go mbeadh an tacaíocht sin coinníollach freisin ar a dtiomantas infheistíocht a dhéanamh i dtionscail Eorpacha agus poist a choinneáil ar bun san Aontas;

6. á iarraidh an athuair go mbeadh cistiú AE, lena n-áirítear Státchabhair, coinníollach ar chuspóirí beartais phoiblí, go háirithe in earnálacha straitéiseacha, agus ar cheanglais shóisialta, chun poist ardcháilíochta a thairiscint, cómhargáil a chur chun cinn, cearta agus caighdeáin saothair AE a urramú, agus dálaí oibre feabhsaithe a áirithiú;

7. ag tacú le hinfheistíochtaí in earnálacha amhail táirgeadh ceallraí feithiclí leictreacha, bonneagar luchtaithe, fuinneamh in-athnuaite agus teicneolaíochtaí digiteacha; á áitiú nach mór do na hinfheistíochtaí sin tosaíocht a thabhairt do chearta oibrithe agus d'fhorbairt pobail;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar na treochtaí san athstruchtúrú agus ar a dtionchar ar an bhfostaíocht, agus úsáid á baint as sonraí ó uirlisí, amhail an Fhaireachlann Eorpach um Athstruchtúrú, chun rianú a dhéanamh ar líon na bpost a chruthaítear nó a chuirtear ar ceal agus ar na cuideachtaí lena mbaineann;

9. á chur i bhfáth go bhfuil próisis athstruchtúraithe bunriachtanach chun cuspóirí an aistrithe ghlais a bhaint amach agus go bhfuil siad ríthábhachtach do gheilleagar glan-nialasach a chothaíonn a chaighdeáin shóisialta agus chomhshaoil; ag tabhairt rabhadh nár cheart go mbeadh costais chearta na n-oibrithe ag baint le próisis athstruchtúraithe riamh; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíocht a dhéanamh chun cómhargáil a threisiú agus a chur chun cinn, lena n-áiritheofar méadú ar chumhdach cómhargála go 80 % ar a laghad i ngach Ballstát, agus lena ráthófar lánurraim ar an gceart chun cómhargála;

10. ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart tús a chur le próisis athstruchtúraithe a luaithe is féidir chun dócmhainneacht a chosc agus chun caillteanais post a mhaolú; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tacú le cuideachtaí atá ag obair go dlúth le ceardchumainn agus le hionadaithe oibrithe chun comharthaí rabhaidh a shainaithint go luath agus pleananna cuimsitheacha a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais fostaíochta;

11. ag tabhairt rabhadh nár cheart athstruchtúrú a úsáid mar leithscéal chun cearta oibrithe agus ceardchumann a shárú[7]; á chur in iúl gur saoth léi an sárú ar chearta bunúsacha na

---

agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, IO L 94, 28.3.2014, lch. 65, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/24/io.

[7] Staidéar – Study on monitoring the application of the EU Quality Framework for anticipation of change and

cómhargála agus na faisnéise agus an chomhairliúcháin sula ndéanfar cinneadh; á iarraidh ar an gCoimisiún coimircí a chur i bhfeidhm chun mí-úsáid athstruchtúraithe a chosc mar bhealach chun dúshaothrú a dhéanamh ar oibrithe nó chun oibleagáidí a sheachaint, go háirithe i gcásanna dócmhainneachta oirbheartaíochta;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún togra a thíolacadh le haghaidh treoir maidir le haistriú cóir i saol na hoibre, trí athrú a thuar agus a bhainistiú, bunaithe ar phrionsabail rannpháirtíocht na gceardchumann agus na cómhargála; ag tathant ar an gCoimisiún an ceart chun oiliúna a áirithiú do chách gan chostas a ghearradh ar an oibrí agus le linn uaireanta oibre; á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí sa togra seo an ceart chun aistriú ó phost go post agus an ceart chun oiliúint uas-scilithe nó athscilithe ar ardchaighdeán, oiliúint d'fhostaithe agus tacaíocht forbartha gairme; á chur i bhfios, i gcás ina bhfuil gá le hathruithe ar phoist, gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí d'oibrithe a uas-sciliú chun iad a choinneáil sa chuideachta chéanna; ag tabhairt dá haire, i gcás ina bhfuil gá le haistriú ó phost go post, go bhfuil sé ríthábhachtach oibrithe a choinneáil san earnáil agus sa réigiún céanna, agus am leordhóthanach a thabhairt dóibh ag an am céanna chun iad a ath-thiontú gan caillteanais airgeadais phearsanta; á chur i bhfáth go mbeidh feidhm ag prionsabal an aistrithe chóir atá cothrom agus sóisialta maidir le hathstruchtúrú, go háirithe chun tionscail a athrú ó bhonn in earnálacha straitéiseacha amhail earnáil na ngluaisteán agus earnáil an fhuinnimh, agus go dtabharfar tús áite do na hoibrithe leis;

13. á mheas, chun caillteanas post a chosc, agus in éagmais plean tionsclaíoch arna chomhaontú leis na comhpháirtithe sóisialta, gur cheart go mbeadh moratóir ar dhúnadh agus ar iomarcaíochtaí éigeantacha indéanta; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit teacht ar chomhaontú go práinneach maidir le moratóir ar iomarcaíochtaí éigeantacha le clár sealadach tacaíochta chun fostaíocht a chosaint le linn aistrithe, spás a chruthú don chomhaontú maidir le tionsclaíocht ghlan agus caillteanas na hacmhainneachta tionsclaíche straitéisí a sheachaint; á éileamh go ndéanfaí cosaint níos láidre ar dhífhostú éagórach agus á iarraidh go ráthófaí cúiteamh leormhaith, deiseanna athoiliúna agus tacaíocht chun fostaíocht nua a fháil d'oibrithe a ndéanann athstruchtúrú difear dóibh; á athdhearbhú nach mór tús áite a thabhairt i gcónaí do dhínit na n-oibrithe ar bhrabúis chorparáideacha;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún plean cuimsitheach a fhorbairt, cosúil le Gníomh na Stát Aontaithe um Laghdú Boilscithe, a bheidh dírithe ar bhorradh a chur faoin infheistíocht i dteicneolaíochtaí glasa, i bhfuinneamh in-athnuaite agus i dtionscail inbhuanaithe, agus leis an gcuspóir chun dlús a chur le haistriú an Aontais chuig geilleagar aeráidneodrach agus an múnla sóisialta Eorpach agus an ceartas sóisialta á neartú ag an am céanna;

15. á iarraidh go mbunófaí treoir chuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin agus na castachtaí a bhaineann le fochonraitheoireacht san Eoraip chun dálaí oibre cothroma, cearta agus cosaintí leormhaithe a áirithiú d'oibrithe ar fochonradh; á iarraidh go n-áireofaí sa treoir forálacha maidir le cearta cómhargála chun é a chur ar a gcumas

---

restructuring [Staidéar ar fhaireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm Chreat Cáilíochta an Aontais Eorpaigh um réamhaíocht ar athrú agus athstruchtúrú], an Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2018, https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/1c22896d-4e10-11ea-aece-01aa75ed71a1/language-ga.

d'oibrithe ar fochonradh a dtéarmaí fostaíochta a chaibidliú go héifeachtach;

16. á iarraidh go mbeadh cómhargáil ghlas ann i bhfoirm clásail shoshannta idir na comhpháirtithe sóisialta maidir le comhaontuithe comhchoiteanna a bhfuil tionchar díreach agus indíreach acu ar an gcomhshaol; á thabhairt chun suntais gur féidir le comhaontuithe comhchoiteanna glasa tionchar ghníomhaíochtaí na gcuideachtaí ar an gcomhshaol, cosaint oibrithe ar éifeachtaí an athraithe aeráide agus tionchar an chlaochlaithe ghlais ar an bhfostaíocht agus ar eagrú na hoibre a chumhdach; ag tabhairt dá haire gur féidir dhá phríomhchineál comhaontuithe comhchoiteanna glasa a shainaithint; á áitiú go ndéanfaí clásail ghlasa agus comhaontuithe glasa a chomhtháthú chun athstruchtúrú glas a bhainistiú;

17. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.